II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2020/562 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Aibreán 2020

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 maidir le bearta sriantacha i dtaca le Maenmar/Burma

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 an 2 Bealtaine 2013 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i dtaca le Maenmar/Burma agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 194/2008 ([1]), agus go háirithe Airteagal 4i de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 2 Bealtaine 2013, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 401/2013.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 4i de Rialachán (AE) Uimh. 401/2013, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas ainmnithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) Tá faisnéis nuashonraithe faighte maidir le duine amháin atá ar an liosta.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Aibreán 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. GRLIĆ RADMAN

([1]) IO L 121, 3.5.2013, lch. 1

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an iontráil seo a leanas in ionad iontráil 3 ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 401/2013:

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"3.	Than Oo	Dáta breithe: 12 Deir eadh Fómhair 1973 Inscne: fireann Uimhir aitheantais mhíleata: BC 25723	Ba é an Briogáidire-Ghinearál Than Oo Ceannasaí an 99ú Roinn Coisithe Éadroma de chuid Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw) go dtí mí na Bealtaine 2018. Os amhlaidh atá, is eisean atá freagrach as na hainghníomhartha agus na sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine a rinne an 99ú Roinn Coisithe Éadroma in aghaidh phobal Rohingya i Stát Rakhine sa dara leath de 2017. Orthu sin bhí marú neamhdhleathach, foréigean gnéasach, agus an loscadh córasach a rinneadh ar thithe agus ar fhoirgnimh in Rohingya.	25.6.2018"